


# An Sorcas

Chonaic na páistí **postaer ildaite** ar an mballa lá agus bhí fhios acu go raibh an sorcas ag teacht. Nuair a tháinig an lá, amach leo go luath go dtí **páirc an tsorcais.**

Bhí **trucaillí, vaigíní** agus **carbháin** dhaite mór-thimpeall na páirce. I lár na páirce chonaic siad na fir ag cur suas an phubaill.

D'iompraigh na fir na **cuaillí móra** ar a nguaillí isteach sa phuball. Shocraigh siad suíocháin fhada adhmaid mór-thimpeall an **fháinne.**

Ag a trí a chlog bhí na sluaite sa pháirc. Osclaíodh **oifig na dticéad** agus cheannaigh na páistí na ticéid. B'iontach an radharc a bhí le feiceáil nuair a chuaigh siad isteach sa phuball. Bhí an **banna ceoil** ag seinm ar **ardán.** Ar dtús tháinig **máistir an tsorcais** amach agus chuir sé fáilte roimh na daoine go léir. Rith ceithre chapall amach ina dhiaidh. Sheas capall amháin ar sheastán agus rith na capaill eile faoi. Ansin tháinig an eilifint amach agus shiúil sí ar bhord beag. Ba mhór an tsuim a chuir na páistí san fhear a shiúil ar **théad rite.** Cheap gach éinne go **dtitfeadh** sé. Ansin sheas cailín álainn os comhair cláir adhmaid. Chaith fear sceana géara isteach sa chlár timpeall uirthi. **Leath na súile orthu** go léir nuair a chuaigh beirt suas ar **mhaidí luascáin** in aice le barr an phubaill.

Chrom siad ag luascadh anonn agus anall ó mhaide go maide. Thosaigh siad go léir ag béicigh nuair a tháinig **na fir ghrinn** amach. Rith Liam isteach san fháinne agus chuir fear grinn an ruaig air.

Liúigh na páistí **in ard a gcinn is a ngutha.**

Ar deireadh cuireadh **ráillí** mór-thimpeall an fháinne agus rith na leoin isteach ann. Rinne siad cleasanna don **cheansaitheoir.**

Léim siad ar sheastáin arda os cionn an cheansaitheora. **Ba leasc leis na páistí** filleadh abhaile nuair a bhí an seó thart.

**Abairtí Úsáideacha:**

Bhí mé i gcruachás.
Bhí mé i bponc.
Bhí mé i sáinn.
} Bhí mé i dtrioblóid.

Bhí an áit plódaithe.
Bhí scata mór daoine i láthair.
Bhí na mílte ann.
Bhí idir óg is aosta ann.
Bhí an dubhshaol ann.
} Bhí slua mór ann.

## A. Foclóir

**puball,** tent, marquee
**téad rite,** tight-rope
**maide luascáin,** trapeze
**ceansaitheoir,** (lion) tamer

## B. Freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad a rinne na páistí maidin an tsorcais?
2. Cad a rinne na capaill nuair a tháinig siad amach sa chró?
3. Cén fáth ar chuir na páistí suim mhór san fhear a shiúil ar théad rite?
4. Cad a rinne an fear leis na sceana géara?
5. Cathain a thosaigh na páistí go léir ag béicigh?
6. Cén fáth a raibh ráillí ann do na leoin?
7. Cad a rinne na leoin don cheansaitheoir?

## C. Scríobh amach an freagra ceart:

1. Cárbh fhios do na páistí go raibh an sorcas ag teacht?
   — Chonaic siad na fir ghrinn.
   — Chonaic siad postaer ildaite ar an mballa.
   — Chonaic siad an puball.
2. Cad é an chéad rud a rinne máistir an tsorcais nuair a tháinig sé amach?
   — Thosaigh sé ag canadh.
   — D'inis sé scéal do na daoine.
   — Chuir sé fáilte roimh na daoine go léir.
3. Cad a rinne an eilifint?
   — Sheas sí ar a ceann.
   — Shiúil sí ar bhord beag.
   — Shuigh sí i lár an chró.

## D. Críochnaigh na habairtí seo a leanas:

1. Bhí an banna ceoil ag seinm ar -.
2. I lár na páirce chonaic siad na fir ag cur - - -.
3. Sheas cailín álainn os comhair - -.
4. Rith Liam isteach sa chró agus chuir fear grinn an - -.

## E. Scríobh amach na ceisteanna do na freagraí seo a leanas:

1. In oifig na dticéad.
2. Cheap gach éinne go dtitfeadh sé.
3. Chrom siad ar luascadh anonn agus anall.
4. Rith na leoin isteach ann.
5. Mar thaitin an seó go mór leo.

## Gramadach 20

1. "Ba leasc leis na páistí filleadh abhaile."
   Foghlaim/ceachtanna, caith/clocha,
   ceannaigh/ticéid, can/amhrán.
2. Liúigh **na páistí** in ard a gcinn is a ngutha.
   (mise, tusa, ise, eisean, sinne, sibhse, iadsan.)